C/2025/6751

19.12.2025

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6751)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

**‘Côtes de Gascogne’**

**Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1162-AM01 — 22.9.2025**

1. **Ainm an táirge**

‘Côtes de Gascogne’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

*Ainm*

Ministère de l’agriculture, de l’agroalimentaire et de la forêt [An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Foraoiseachta] Direction Générale de la performance économique et environnementale des entreprises [Ard-Stiúrthóireacht um Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainítear iad in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar TGFC 'Côtes de Gascogne' aon cheann de na trí chás arb éard atá iontu leasú ar leibhéal an Aontais; go sonrach:

(a) níl i gceist leo athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Teideal*

Cineálacha fíniúna a chur isteach

*Tuairisc*

D'iarr an grúpa táirgeoirí le haghaidh fhíonta Côte de Gascogne leasú ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, le tabhairt isteach 6 chineál fhrithsheasmhacha, is iad sin:

— Floréal B

— Voltis B

— Artaban N

— Vidoc N

— Souvignier Gris B

— Sauvignac B

Agus cineálacha 'fulangacha' á dtabhairt isteach, tugtar aghaidh ar na hábhair imní chomhshaoil a chuir páirtithe leasmhara físonsaothrúcháin in Iardheisceart na Fraince in iúl. Ciallaíonn tabhairt isteach na gcineálacha sin, atá frithsheasmhach in aghaidh coincleach phúdrach agus coincleach chlúmhach go háirithe, nach féidir táirgí cóireála díobhálacha a úsáid chomh minic céanna agus go n-úsáidtear iad i méideanna níos lú, agus ar an gcaoi sin na hábhair imní sin a shásamh ós rud é go gcuirtear teorainn leis an tionchar carbóin mar gheall ar an líon laghdaithe babhtaí is gá na táirgí sin a úsáid chun a áirithiú go ndéantar na cineálacha a chosaint. Trí na cineálacha sin a úsáid, cuirfear teorainn leis an tionchar ar an mbithéagsúlacht, rud a shásóidh ionchais shochaíocha atá ag dul i méid.

Tugadh tuairisc ar phróifíl aramatach an fhíona mar chuid de na tástálacha a rinneadh ar gach cineál fulangach.

Ní thugann an fhianaise le fios nach bhfuil na cineálacha fíniúna sin oiriúnach, ó thaobh na hagranamaíochta ná na físoneolaíochta de, do na coinníollacha táirgthe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge le haghaidh an dá TGFC sin.

I bhfianaise na dtorthaí blaiste agus na dtuairiscí orgánaileipteacha, comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha fulangacha sin an tuairisc ar an táirge a leagtar amach i sonraíocht an TGFC.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

An limistéar geografach agus an limistéar díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta

*Tuairisc*

An limistéar geografach agus an limistéar díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta chun gach tagairt do cheantair agus do chantúin a bhaint agus liosta bardas a chur ina n-ionad.

Níl aon athrú ar an limistéar geografach ná ar an limistéar atá díreach in aice láimhe de thoradh an nuashonraithe sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha na bhfíonta**

**‘Côtes de Gascogne’**

**Uimhir thagartha AE: PGI-FR-A1162-AM01 — 22.9.2025**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Côtes de Gascogne’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

*Táirge fíniúna*

Fíonta dearga socra

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha ar na fíonta dearga.

Dea-bholadh

Bíonn úire aramatach ag na fíonta a tháirgtear agus bíonn ruainníní torthaíocha agus/nó bláthacha orthu den chuid is mó.

Blas

Mar sin féin, d’fhéadfadh a ndéine agus a gcineál a bheith éagsúil de réir na gcineálacha fíniúna agus na dteicneolaíochtaí a úsáidtear.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | - |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | - |
| Aigéadacht iomlán íosta: | - |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | - |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | - |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | - |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá na saintréithe seo a leanas ag fíonta socra ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Gascogne':

— neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte de 10,0 % i gcás fíonta treisithe agus 9,0 % i gcás fíonta neamhthreisithe,

— uaschion aigéadachta luainí: 15,30 meq/l (0,75 g/l H2SO4) i gcás fíonta dearga,

— uaschion dé-ocsaíde sulfair: 150 mg/l i gcás fíonta dearga ina bhfuil méid siúcra choipthigh 5 g/l ar a laghad (glúcós + fruchtós).

Cé is moite d'fhíonta a mhaíonn na téarmaí 'primeur' (luath) nó 'nouveau' (nua), ní mór coipeadh malalachtach (cion aigéid mhalaigh < 0,40 g/l) a bheith curtha i gcrích ag fíonta dearga socra ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Gascogne' an tráth a éilíonn siad an TGFC a úsáid.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

*Táirge fíniúna*

Fíonta socra geala agus rosé agus fíonta geala ó fhíonchaora ró-aibí

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is minic a bhíonn blasanna aramatacha an-úr agus torthaíocha le cumhracht citris agus torthaí coimhthíocha chun tosaigh sna fíonta geala.

Leis an dul chun cinn atá déanta i gcleachtais fíonsaothrúcháin agus cleachtais fhíoneolaíocha (buaint ag an aibíocht inmhianaithe, teicnící chun ocsaídiú an úrfhíona a chosc) is féidir dea-bholaithe príomhúla a chaomhnú ar bhealach níos fearr anois, dea-bholaithe a d'fhéadfadh a bheith ann níos mó sa táirge críochnaithe dá bhrí sin.

Dea-bholadh

Bíonn úire aramatach ag na fíonta a tháirgtear agus bíonn ruainníní torthaíocha agus/nó bláthacha orthu den chuid is mó.

Blas

Mar sin féin, d'fhéadfadh a ndéine agus a gcineál a bheith éagsúil de réir na gcineálacha fíniúna agus na dteicneolaíochtaí a úsáidtear.

Bíonn dea-bholaithe torthaí aibí níos forbartha ar na fíonta ina bhfuil siúcra iarmharach agus ar na fíonta ó fhíonchaora geala ró-aibí.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | - |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | - |
| Aigéadacht iomlán íosta: | - |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | - |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | - |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | - |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Tá na saintréithe seo a leanas ag fíonta socra ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Gascogne':

— neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte de 10,0 % i gcás fíonta treisithe agus 9,0 % i gcás fíonta neamhthreisithe,

— uaschion aigéadachta luainí:

— 12,24 meq/l (0,60 g/l H2SO4) i gcás fíonta geala agus rosé ina bhfuil méid siúcra choipthigh is lú ná 20 g/l (glúcós + fruchtós),

— 14,28 meq/l (0,70 g/l H2SO4) i gcás fíonta geala agus rosé ina bhfuil méid siúcra choipthigh 20 g/l ar a laghad (glúcós + fruchtós),

— uaschion dé-ocsaíde sulfair:

— 175 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé ina bhfuil méid siúcra choipthigh is lú ná 5 g/l (glúcós + fruchtós),

— 200 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé ina bhfuil méid siúcra choipthigh 5 g/l ar a laghad (glúcós + fruchtós).

De mhaolú air sin, tá an t-uaschion aigéadachta luainí i gcás fíonta geala a bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) de 45 ghram ar a laghad in aghaidh an lítir iontu mar a leagtar síos le comhordú ón Aire Gnóthaí Tomhaltóirí agus ón Aire Talmhaíochta.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní fhéadfaidh milsiú fíonta socra neart alcóil iomlán an fhíona atá i gceist a mhéadú níos mó ná 1,0 % de réir toirte. Anuas ar an bhforáil thuasluaite, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe a chomhlíonadh.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta agus fíonta ó fhíonchaora ró-aibí

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 120 |
| Aonad uastáirgeachta: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Arrufiac B - Arrufiat

— Artaban N

— Baroque B

— Cabernet franc N

— Cabernet Sauvignon N

— Chardonnay B

— Chasan B

— Chenin B

— Clairette B

— Clairette rose Rs

— Colombard B

— Cot N - Malbec

— Courbu noir N

— Egiodola N

— Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

— Floreal B

— Folle blanche B

— Gamay N

— Gamay de Bouze N

— Gamay de Chaudenay N

— Gros Manseng B

— Jurançon noir N - Dame noire

— Listan B - Palomino

— Manseng noir N

— Marselan N

— Mauzac B

— Mauzac rose Rs

— Merlot N

— Muscadelle B

— Ondenc B

— Perdea B

— Petit Courbu B

— Petit Manseng B

— Pinot gris G

— Pinot noir N

— Raffiat de Moncade B

— Sauvignac B

— Sauvignon B - Sauvignon blanc

— Sauvignon gris G - Fié gris

— Semillon B

— Souvignier gris B

— Syrah N - Shiraz

— Tannat N

— Ugni blanc B

— Vidoc N

— Viognier B

— Voltis B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tarlaíonn buaint na bhfíonchaor agus táirgeadh agus forbairt na bhfíonta agus na bhfíonta ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil tásc geografach 'Côtes de Gascogne' i gcríoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Gers: na bardais uile.

— Roinn Landes: bardais Aire-sur-l'Adour (cuid atá suite ar bhruach deas an Adour), Arthez d'Armagnac, Betbezer d'Armagnac, Bourdalat, Castandet, Cazères-sur-l'Adour, Créon d'Armagnac, Escalans, Le Frêche, Gabarret, Hontanx, Labastide d'Armagnac, Lacquy (cuid atá suite soir ón mbóthar ó Bordeaux go Pau), Lagrange, Lussagnet, Mauvezin d'Armagnac, Montégut, Parleboscq, Perquie, Sainte-Foy (cuid atá suite soir ón mbóthar ó Bordeaux go Pau), Saint-Gein, SaintJulien d'Armagnac, Saint-Justin, Le Vignau, Villeneuve-de-Marsan (cuid atá suite soir ón mbóthar ó Bordeaux go Pau).

— Roinn Lot-et-Garonne: bardais Andiran, Fieux, Francescas, Fréchou, Lannes, Lasserre, Mézin, Moncrabeau, Nérac, Poudenas, Réaup-Lisse, Sainte-Maure-de-Peyriac, Saint-Pé-Saint-Simon, Sos.

Tarlaíonn buaint na bhfíonchaor agus táirgeadh agus forbairt na bhfíonta agus na bhfíonta ó fhíonchaora ró-aibí ar a bhfuil tásc geografach 'Côtes de Gascogne' agus ainm an aonaid gheografaigh 'Condomois' ina dhiaidh sin i gcríoch na mbardas seo a leanas:

— Roinn Gers: bardais Ayguetinte, Beaucaire, Beaumont, Béraut, Blaziert, Cassaigne, Castelnau-sur-l'Auvignon, Caussens, Condom, Fourcès, Gazaupouy, Gondrin, Lagraulet-du-Gers, Larressingle, Larroque-Saint-Sernin, Larroque-sur-l'Osse, Lauraët, Maignaut-Tauzia, Mansencôme, Marsolan, Mas-d'Auvignon, Montréal, Mouchan, La Romieu, Roquepine, Saint-Orens-Pouy-Petit, Saint-Puy, La Sauvetat, Valence-sur-Baïse.

— Roinn Lot-et-Garonne: bardais Francescas, Lannes, Lasserre, Moncrabeau.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar na nithe seo a leanas:

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

*Catagóir an táirge fíniúna*

1. Fíon

*Achoimre ar an nasc*

Tá an limistéar geografach suite in Gascony, ar cúige stairiúil in iardheisceart na Fraince é, atá suite idir an Garonne ó thuaidh, foraois Landes ar an taobh thiar agus na Piréiní ó dheas. Tá sé lonnaithe i réigiúin Aquitaine agus Midi-

Pyrénées agus clúdaíonn sé roinn Gers agus cuid de ranna Landes agus Lot-et-Garonne. Tá aeráid mhuirí mheasartha ag an limistéar le grádán céim ar chéim ón iarthar go dtí an t-oirthear, ó thionchar láidir muirí go haeráid níos ilchríochaí. Bíonn an bháisteach rialta agus flúirseach sa chuid thiar den limistéar, gan aon tréimhse fhíorthirim sa samhradh. I gcodarsnacht leis sin, is iad triomaigh shamhraidh a mhaireann go dtí stoirmeacha déanacha an tsamhraidh saintréithe na coda thoir den limistéar. Tá an tsubstráit gheolaíoch éagsúil freisin. San iarthar, is éard atá ann den chuid is mó 'sables fauves' [gaineamh crón], foirmíocht mhuirí a chumhdaítear go ginearálta le sioltaí lóis, ar a bhfuil ithreacha láiste, aigéadacha, dúrabhánacha go hithreacha dúrabhánacha gainmheacha, ar a dtugtar 'boulbènes' sa limistéar. Níos faide soir, cuirtear molás in ionad na 'sables fauves' de réir a chéile, ar foirmíocht ilchríochach chréúil é an molás ina bhfuil cisil aolchloiche crua mar ghné den tír-raon. Tá na hithreacha gaolmhara créúil agus domhain ('terreforts'), nó éadomhain, clochach agus cailcreach ('peyrusquets'). Is de réir a chéile a dhéantar an t-aistriú ó 'sables fauves' go molás, agus tá an dá fhoirmíocht i lár an limistéir. Dá bhrí sin, tagann méadú ar chumas na n-ithreacha uisce a choinneáil, rud a bhraitheann ar a gcion cré, ón iarthar go dtí an t-oirthear. Is in earnáil an oirthir, áit a mbíonn an bháisteach is ísle sa samhradh, a aimsítear 'terreforts', i.e. an ithir is mó atá in ann uisce a choinneáil. Is éard atá sa tír-raon cnoic réidhe san iarthar agus gleannta níos gairbhe ina bhfuil cisil aolchloiche san oirthear. Is gné mhór den tírdhreach í an choillearnach, in éineacht le talmhaíocht éagsúlaithe atá bunaithe go háirithe ar tháirgeadh fíona ATFC agus TGFC (Armagnac agus Floc de Gascogne) nó ar fheirmeoireacht éanlaithe clóis agus feirmeoireacht lachan agus géanna ramhraithe. Is réigiún beag é an Condomois timpeall chathair Condom ar an dá thaobh den abhainn Baïse. Is í an earnáil is teo agus is tirime i limistéar geografach Côtes de Gascogne í. Cré-aolchloch is mó atá sna hithreacha, a chruthaítear ar an molás agus ar na cisil aolchloiche. Cumhdaíonn limistéar geografach Condomois cantún Condom agus críoch roinnt bardas comharsanach i ranna Gers agus Lot-et-Garonne den chuid is mó. Cuireadh fíniúnacha den chéad uair in Gascony in aimsir na Rómhánach-na Gallach agus forbraíodh iad i rith na Meánaoiseanna. Sa 14ú haois, deimhnítear in go leor cartlann go bhfuil mórfhíonghort ann. Bhain fíonta Gascony a mbuaicphointe amach sa 13ú haois agus go háirithe sa 14ú haois, a bhuí le trádáil faoi bhláth le Sasana agus leis na tíortha timpeall na Mara Thuaidh. In 1373, chuir 'Privilège de Bordeaux' toirmeasc ar fhíonta ó réigiún 'Haut pays', lena n-áirítear Gascony, dul isteach i gcalafort Bordeaux roimh an Nollaig, rud a laghdaigh go mór díolacháin fíonta den sórt sin. Lean an trádáil leis an Ísiltír ar aghaidh, áfach, trí chalafort Bayonne. Ba é sin an chúis a bhí le táirgeadh méadaithe sa 17ú agus san 18ú haois. Tháinig meath ar na fíonghoirt arís le linn Chogaí Réabhlóideacha agus Napleonacha na Fraince, nuair a cuireadh bac ar an trádáil mhuirí, ansin mar gheall ar an léirscrios arbh iad galair fiollocsaeire agus galair chrioptagaim ba chúis leis. Sa 20ú haois, atógadh na fíonghoirt, a úsáideadh go príomha le haghaidh driogtha. Mar thoradh ar an laghdú ar ól alcóil, éagsúlaíodh na fíonghoirt go nádúrtha agus cuireadh tús le táirgeadh fíonta socra. Bunaíodh aontas táirgeoirí Côtes de Gascogne 'vin de pays' an 15 Bealtaine 1979. Aithníodh 'Côtes de Gascogne' agus 'Côtes du Condomois' 'vins de pays' le foraithne an 25 Eanáir 1982. Cuireann seacht gcomharchumann fíona nó ceardchumann comharchumann fíona a dhéanann ionadaíocht ar bhreis agus míle táirgeoir, breis agus 200 fíonlann phríobháideach agus dosaen táirgeoirí/ceannaithe fíona leis an táirgeadh sin faoi láthair. Déantar fíonta Côtes de Gascogne as cineálacha fíniúna áitiúla atá tipiciúil de bhunchnoic Phiréineacha (Arrufiac B, Baroque B, Clairette B, Courbu B, Petit Courbu B, Gros manseng B, Petit manseng B, Raffiat de Moncade B, Courbu noir N, Jurançon noir N, Manseng noir N agus Tannat N go háirithe), ar cuireadh cineálacha réigiúnacha leo (Colombard B, Mauzac B, Ondenc B, Sauvignon B, Sémillon B, Cabernet franc N, Cabernet sauvignon N, Cot N, Merlot N agus Fer N). Tá roinnt cineálacha fíniúna a bhfuil clú domhanda orthu (Chardonnay B, Chenin B, Ugni blanc B, Pinot gris G, Viognier B, Gamay N, Pinot noir N, Syrah N) agus hibridí ó chineálacha áitiúla tar éis dul i dtaithí ar an stoc fíniúna go maith agus chuir siad bailchríoch ar an stoc sin. Déantar leath de na táirgí a mhargú le tásc maidir le cineál fíniúna amháin nó níos mó. Is minic a léiríonn cumaisc an chomhlántacht idir cineál dúchasach fíniúna agus na cineálacha a aithnítear go forleathan agus a fásadh in Gascony le thart ar 15 bliana. Le saineolas lena gcomhcheanglaítear an traidisiún agus an teicneolaíocht úr le chéile go sciliúil, is féidir barrfheabhsú a dhéanamh ar acmhainneacht na mbarr. Is minic a bhíonn blasanna aramatacha an-úr agus torthaíocha le cumhracht chitris agus torthaí coimhthíocha ar na fíonta geala den chuid is mó. Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha ar na fíonta dearga. Tá cáil idirnáisiúnta ar fhíonta Côtes de Gascogne as a bhfíonta geala (90 % den táirgeadh), atá tirim den chuid is mó, cé go bhfuil cáil láidir réigiúnach ar fhíonta dearga (50 000 hl) agus tá méadú mór tagtha ar mhéid na bhfíonta rosé (30 000 hl) le blianta beaga anuas. Le beagnach 30 bliain anuas, tá acmhainneacht tráchtála bhliantúil 100 milliún buidéal (750 000 heictilítear) bainte amach ag an táirgeadh. Le saintréithe na timpeallachta fisicí, is féidir uisce a sholáthar go tráthrialta agus go neamhtheoranta do na fíniúnacha, trí bháisteach ard (in iarthar an limistéir) nó trí ithreacha a bhfuil ardacmhainn coinneála uisce acu (in oirthear an limistéir). A bhuí lena haeráid shéimh, áirithítear leis an timpeallacht sin freisin go n-aibíonn na fíonchaora go maith, rud atá ríthábhachtach chun na príomh-dhea-bholaithe a lorgaítear a fháil. Meallann an limistéar tuaithe agus talmhaíochta sin den chuid is mó, líon mór turasóirí atá ag dul i méid, a bhuí lena íomhá mar áit shuáilceach le haghaidh saoire agus a cháil ghastranómach, bunaithe go páirteach ar an iliomad táirgí ar bronnadh stádas ATFC nó TGFC orthu. Tá fíonta TGFC 'Côtes de Gascogne' comhtháite go hiomlán sa dinimic sin. I gcaitheamh na gcéadta bliain, tá dea-cháil ar fhíonta ón limistéar sin, go háirithe i dtuaisceart na hEorpa. Leanann an cháil sin ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann, ag tógáil ar an gcomhlántacht idir cineálacha fíniúna traidisiúnta áitiúla agus roinnt cineálacha 'idirnáisiúnta'. Le teicneolaíochtaí nua-aimseartha a bhfuil traidisiún fada fíonóireachta mar bhonn taca leo, cumasaítear táirgeadh fíonta aramatacha, úra agus boga atá an-oiriúnach do bhlasanna agus do phatrúin tomhaltais na dtíortha ina labhraítear Béarla. Sa lá atá inniu ann, onnmhairítear 75 % de na fíonta, go príomha chuig tíortha i dtuaisceart na hEorpa, agus tá margaí Mheiriceá Thuaidh agus na hÁise ag leathnú.

*Catagóir an táirge fíniúna*

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

*Achoimre ar an nasc*

Mar thoradh ar úsáid cineálacha fíniúna a tháirgeann cion ard alcóil (Gros manseng B agus Petit manseng B go háirithe), rinne táirgeoirí fíon geal ó fhíonchaora ró-aibí.

Le blianta beaga anuas, d'éirigh go han-mhaith le táirgeadh agus margú fíonta geala leathmhilse agus milse TGFC Côtes de Gascogne a dhéantar as barra ró-aibí na gcineálacha Petit agus Gros Mansengs. Táirgeann Côtes de Gascogne ceann amháin den bheagán fíonta geala 'primeur' sa Fhrainc freisin, agus díoltar os cionn milliún buidéal gach bliain.

Leis an dul chun cinn atá déanta i gcleachtais fíonsaothrúcháin agus cleachtais fhíoneolaíocha (buaint ag an aibíocht inmhianaithe, teicnící chun ocsaídiú an úrfhíona a chosc) is féidir dea-bholaithe príomhúla a chaomhnú ar bhealach níos fearr anois, dea-bholaithe a d'fhéadfadh a bheith ann níos mó sa táirge críochnaithe dá bhrí sin. Mar thoradh ar úsáid cineálacha fíniúna a tháirgeann cion ard alcóil (Gros manseng B agus Petit manseng B go háirithe), rinne táirgeoirí fíon geal ó fhíonchaora ró-aibí.

A bhuí leis an éagsúlacht leathan ithreacha agus topo-aeráidí, tá táirgeoirí in ann na dálaí cearta a aimsiú le haghaidh na gcineálacha a fhásann siad. Cuidíonn an aeráid a bhíonn te agus tirim go minic go luath san fhómhar le ró-aibiú cineálacha fíonchaor geal a tháirgeann cion ard alcóil, rud a fhágann gur féidir fíonta geala a tháirgeadh ó fhíonchaora ró-aibí.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

1. Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Is éard atá sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus forbairt fíonta ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Gascogne': - i Roinn Pyrénées Atlantique: - cantún Garlin: na bardais uile, - cantún Lembeye: na bardais uile; - i Roinn Hautes-Pyrénées: - cantún Castelnau-Rivière-Basse: na bardais uile, - cantún Maubourguet: na bardais uile; - i Roinn Landes: - cantún Aire-sur-l'Adour: Aire-sur-l'Adour (cuid suite ar bhruach clé an Adour), Bahus-Soubiran, Buanes, Classun, Duhort-Bachen, Eugénie-les-Bains, Latrille, Renung, Saint-Agnet, Saint-Loubouer, Sarron et Vielle-Tursan, - cantún Gabarret: Arx, Baudignan, Estigarde, Herré, Losse, Rimbez-et-Baudiets, - cantún Geaune: na bardais uile, - cantún Grenade-sur-l'Adour: Artassenx, Bascons, Bordères-et-Lamensans, Grenade-sur-l'Adour, Larrivière-Saint-Savin, Maurrin, Saint-Maurice-sur-Adour, - cantún Roquefort: Arue, Bourriot-Bergonce, Cachen, Lencouacq, Maillas, Pouydesseaux, Retjons, Roquefort, Saint-Gor, Sarbazan, Vielle-Soubiran, - cantún Villeneuve-de-Marsan: Pujo-le-Plan, Saint-Cricq-Villeneuve, Sainte-Foy (cuid atá suite siar ón mbóthar ó Bordeaux go Pau) agus Villeneuve-de-Marsan (cuid atá suite siar ón mbóthar ó Bordeaux go Pau); - i Roinn Lot-et-Garonne: - cantún Houelliès: Boussès agus Durance, - cantún Lavardac: Barbaste, Bruch, Feugarolles, Lavardac agus Montesquieu, - cantún Astaffort: na bardais uile, - cantún Francescas: Lamontjoie, Nomdieu agus Saint-Vincent-de-Lamontjoie, - cantún Laplume: na bardais uile, - cantún Nérac: Calignac, Espiens, Moncaut, Montagnac-sur-Auvignon agus Saumont; - i Roinn Tarn-et-Garonne: - cantún Auvillar: na bardais uile.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar díreach in aice láimhe don limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

2. Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta ‘Vin de Pays’ in ionad an téarma ‘Indication géographique protégée’ (Tásc geografach faoi chosaint), ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad. Féadfar ainm an aonaid gheografaigh níos leithne ‘Sud-ouest’ [Iardheisceart] a chur leis an tásc geografach faoi chosaint Côtes de Gascogne’. Féadfar ainm an aonaid gheografaigh níos lú ‘Condomois’ a chur leis an tásc geografach faoi chosaint ‘Côtes de Gascogne’ i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Féadfar ainm cineáil fíniúna amháin nó níos mó a chur leis an tásc geografach faoi chosaint ‘Côtes de Gascogne’. A mhéid a bhaineann le fíonta socra, féadfar na téarmaí ‘primeur’ nó ‘nouveau’ a chur leis an tásc geografach faoi chosaint ‘Côtes de Gascogne’.

**Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-72ef82d0-3baf-4cc9-b5d7-f8559309f96e